GA

GA GA

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 21.5.2008
COIM(2008) 308 leagan deireanach

2008/0095 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta ag bunú Ionstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Sa rialachán atá beartaithe leasaítear Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta ag bunú Ionstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht. Tá dhá aidhm ag an leasú.

Ar an gcéad dul síos, tá sé d'aidhm ag leasú na bhforálacha atá ann cheana maidir le cistí Comhphobail arna mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh maoiniú iasachtaí, infheistíochtaí cothromais, cistí ráthaíochta nó cistí infheistíochta a shoiléiriú. Tá an téacs atá ann faoi láthair débhríoch maidir leis an bhféidearthacht leanúint ar aghaidh a leithéidí de chistí a athinfheistiú (e.g. trí mheicníocht ciste roithleánaigh). Is gnáthchleachtas é acmhainní a athúsáid in oibríochtaí a bhaineann le caipiteal riosca agus maoiniú iasachtaí. Is féidir, ar an dóigh sin, cistí a athshreabhann ó sheaniasachtaí a athinfheistiú. Ar an dóigh seo baineann na spriocthairbhithe buntáiste níos mó astu agus méadaítear tionchar an chúnaimh. Tá sé tábhachtach agus práinneach an cheist seo a shoiléiriú, mar go bhfuil oibríochtaí dá samhail á seoladh i gcomhthéacs na Saoráide Infheistíochta Comharsanachta, atá ar tí teacht i ngníomh.

Ar an dara dul síos, leis an leasú atá beartaithe ceadaítear don BEI athinfheistiú a dhéanamh laistigh den tSaoráid um Infheistíocht agus an Comhpháirtíocht Eora-Meánmhara (FEMIP) ag úsáid na gcistí a athshreabhann ó oibríochtaí roimhe seo (athshreafaí) arna maoiniú faoi MEDA agus faoi phrótacail airgeadais níos luaithe leis an Ailgéir, an Chipir, an Éigipt, an Ghréig, an Iordáin, an Liobáin, Málta, Maracó, an tSiria, an Túinéis agus an Tuirc. Áirítear sna hathshreafaí aisíoc an chaipitil agus na sochair ón infheistíocht (lena n-áirítear úis, díbhinní, na brabúis/caillteanais ó dhíolacháin rannpháirtíochtaí, agus na pionóis a ghearrann an Banc). Déanfar an t-athinfheistiú laistigh de chreat an Rialacháin seo.

In 2006 rinneadh athbhreithniú ar FEMIP. D'fholaigh an t-athbhreithniú iasachtaí BEI agus achmhainní ó bhuiséad an AE arna mbainistiú ag an BEI agus arna n-úsáid le haghaidh caipitil riosca, cúnaimh theicniúil, fóirdheontas úis agus 'iasachtaí speisialta'. D'fhonn an leas is mó a bhaint as na cistí a bhí ar fáil, mhol an Coimisiún i 'Teachtaireacht maidir le FEMIP[1]' na hathshreafaí seo a úsáid le haghaidh oibríochtaí nua a bhaineann le caipiteal riosca. D'fhormhuinigh Comhairle Ecofin (Samhain 2006) an togra seo, agus leag sí béim ar a thábhachtaí is a bheadh sé FEMIP a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh. Faoi láthair, toisc nach ndearna na Rialacháin a tháinig roimhe seo foráil don fhéidearthacht cistí a athinfheistiú, cuirtear na "athshreafaí" ar ais i mbuiséad an Chomhphobail go gairid tar éis don tairbhí an BEI a chúiteamh. De réir an leasaithe a bheartaítear, féadfar a cheadú don BEI a leithéidí de chistí a athinfheistiú i gcomhthéacs FEMIP go dtí go gcinneann an Coimisiún an oibríocht a dhúnadh síos.

D'fhonn cosc a chur le cúiteamh na "athshreafaí" agus d'fhonn a sheachaint go dtiocfadh laghdú ar an líon cistí atá ar fáil le haghaidh oibríochtaí sa todhcaí, agus an leasú beartaithe á chaibidil, iarrfaidh an Coimisiún ar BEI, díreach tár éis an togra seo a ghlacadh, aisíocaíochtaí do bhuiséad an Chomhphobail a chur ar fionraí agus na cistí a choimeád i gcuntas a thugann ús go dtí go nglacfaidh an t-údaras reachtach an leasú beartaithe. Má ghlactar an leasú, ceadófar d'BEI na cistí a athinfheistiú. Sa chás nach nglacfaí an leasú, chuirfí na cistí arna gcoimeád i gcuntais BEI (chomh maith leis an ús a thuill siad) ar ais láithreach go buiséad an Chomhphobail.

[1] Teachtaireacht chuig an gComhairle: Measúnú ar an tSaoráid um Infheistíocht agus an Comhpháirtíocht Eora-Meánmhara (FEMIP) agus Roghanna sa Todhcaí (COIM(2006) 592 críochnaitheach, 17.10.2006).

2008/0095 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta ag bunú Ionstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 179 agus Airteagal 181a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta ag bunú Ionstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht a bhunaíonn an creat chun Cúnamh Comhphobail a sholáthar do thíortha comharsanacha agus don Rúis.

(2) D'fhonn taobhú le hinfheistíochtaí sa bhonneagar agus i bhforbairt na hearnála príobháidí tá sé tábhachtach gur féidir cúnamh Comhphobail a úsáid go héifeachtúil le haghaidh beart amhail maoiniú iasachtaí, infheistíochtaí cothromais, cistí ráthaíochta nó cistí infheistíochta arna mbainistiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta agus ag idirghabhálaithe airgeadais eile.

(3) Cuirfear le héifeachtúlacht a leithéidí de bhearta má cheadaítear do na hidirghabhálaithe airgeadais na haisíocaíochtaí cistí a tharlaíonn faoi bhearta dá leithéidí a athinfheistiú in oibríochtaí nua.

(4) D'éirigh leis an tSaoráid um Infheistíocht agus um Chomhpháirtíocht Eora-Meánmhara (FEMIP) maoiniú a chur ar aghaidh go dtí réigiún na Meánmhara trí iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí príobháideacha agus trí infheistíocht bhonneagair dírithe ar an timpeallacht ghnó a fheabhsú.

(5) D'fhonn FEMIP a neartú a thuilleadh fós tá sé tábhachtach go gceadófar d'BEI athinfheistiú i dtíortha Meánmhara nach Ballstáit iad ag úsáid aisíocaíocht na gcistí a eascróidh ó oibríochtaí arna ndéanamh faoi na rialacháin agus cinntí atá liostaithe san Iarscríbhinn.

(6) Chun críche an Rialacháin seo, ba chóir na húis ar iasachtaí, na díbhinní ar infheistíochtaí, na brabúis/caillteanais ar dhíolacháin rannpháirtíochtaí, agus na pionóis a ghearrtar a mheas mar shochar arna bhfabhrú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

(7) Ba chóir Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 a leasú dá réir,

[2] Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an...agus Cinneadh ón gComhairle an...

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23(2):

2. Glacfaidh an Coimisiún forálacha cur chun feidhme le haghaidh mhír 1 cás ina dhiaidh cáis chun go háirithe rannpháirtiú rioscaí, cúiteamh an idirghabhálaí atá freagrach as cur chun feidhme, úsáid cistí, a n-athúsáid nó a n-aisghabháil, agus dúnadh síos na hoibríochta a chuimsiú.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23(3):

3. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go n-athinfheisteoidh an Banc Eorpach Infheistíochta na haisíocaíochtaí ar chaipiteal agus na sochair arna bhfabhrú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta faoi na rialacháin agus cinntí dá dtagraítear san Iarscríbhinn sna tíortha Meánmhara arna bhfolú ag an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an seachtú lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an [...]

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

*[…][…]*

**Iarscríbhinn**

Rialacháin agus cinntí dá dtagraítear in Aithris (5) agus Airteagal 1(2)

*Na chéad Phrótacail Airgeadais*

Rialachán (CEE) Uimh. 2210/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir leis an gComhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire a thabhairt chun críche (IO L 263, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2211/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir leis an gComhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó a thabhairt chun críche (IO L 264, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2212/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir leis an gComhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise a thabhairt chun críche (IO L 265, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2213/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir leis an gComhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte a thabhairt chun críche (IO L 266, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2214/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir leis an gComhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine a thabhairt chun críche (IO L 267, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2215/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir leis an gComhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine a thabhairt chun críche (IO L 268, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2216/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir leis an gComhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria a thabhairt chun críche (IO L 269, 27.9.1978, lch. 1).

*An dara babhta de Phrótacail Airgeadais*

Rialachán (CEE) Uimh. 3177/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire a thabhairt chun críche (IO L 337, 29.11.1982, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 3178/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte a thabhairt chun críche (IO L 337, 29.11.1982, lch. 8).

Rialachán (CEE) Uimh. 3179/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine a thabhairt chun críche (IO L 337, 29.11.1982, lch. 15).

Rialachán (CEE) Uimh. 3180/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine a thabhairt chun críche (IO L 337, 29.11.1982, lch. 22).

Rialachán (CEE) Uimh. 3181/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó a thabhairt chun críche (IO L 337, 29.11.1982, lch. 29).

Rialachán (CEE) Uimh. 3182/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria a thabhairt chun críche (IO L 337, 29.11.1982, lch. 36).

Rialachán (CEE) Uimh. 3183/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise a thabhairt chun críche (IO L 337, 29.11.1982, lch. 43).

*An tríú babhta de Phrótacail Airgeadais*

Cinneadh 88/30/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire a thabhairt chun críche (IO L 22, 27.1.1988, lch. 1).

Cinneadh 88/31/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte a thabhairt chun críche (IO L 22, 27.1.1988, lch. 9).

Cinneadh 88/32/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine a thabhairt chun críche (IO L 22, 27.1.1988, lch. 17).

Cinneadh 88/33/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine a thabhairt chun críche (IO L 22, 27.1.1988, lch. 25).

Cinneadh 88/34/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise a thabhairt chun críche (IO L 22, 27.1.1988, lch. 33).

Cinneadh 88/453/CEE ón gComhairle an 30 Meitheamh 1988 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó a thabhairt chun críche (IO L 224, 13.8.1988, lch. 32).

Cinneadh 92/549/CEE ón gComhairle an 16 Samhain 1992 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria a thabhairt chun críche (IO L 352, 2.12.1992, lch. 21).

An ceathrú babhta de Phrótacail Airgeadais

Cinneadh 92/44/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise a thabhairt chun críche (IO L 18, 25.1.1992, lch. 34).

Cinneadh 92/206/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire a thabhairt chun críche (IO L 94, 8.4.1992, lch. 13).

Cinneadh 92/207/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte a thabhairt chun críche (IO L 94, 8.4.1992, lch. 21).

Cinneadh 92/208/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine a thabhairt chun críche (IO L 94, 8.4.1992, lch. 29).

Cinneadh 92/209/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine a thabhairt chun críche (IO L 94, 8.4.1992, lch. 37).

Cinneadh 92/548/CEE ón gComhairle an 16 Samhain 1992 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó a thabhairt chun críche (IO L 352, 2.12.1992, lch. 13).

Cinneadh 94/67/CE ón gComhairle an 24 Eanáir 1994 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria a thabhairt chun críche (IO L 32, 5.2.1994, lch. 44).

*An Chipir, an Ghréig, Málta agus an Tuirc*

Rialachán (CEE) Uimh. 2760/78 ón gComhairle an 23 Samhain 1978 maidir leis an bPrótacal Airgeadais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht an Cipire a thabhairt chun críche (IO L 332, 29.11.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 787/84 ón gComhairle an 26 Márta 1984 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Cipire a thabhairt chun críche (IO L 85, 28.3.1984, lch. 37).

Cinneadh 90/153/CEE ón gComhairle an 22 Feabhra 1990 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Cipire a thabhairt chun críche (IO L 82, 29.3.1990, lch. 32).

Cinneadh 95/485/CE ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 1995 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Cipire a thabhairt chun críche (IO L 278, 21.11.1995, lch. 22).

Cinneadh 1999/258/CE ón gComhairle an 30 Márta 1999 maidir le Prótacal ar fhadú na tréimhse inar féidir gealltanais a dhéanamh i leith na gcistí arna leagan síos sa cheathrú Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Cipire a thabhairt chun críche (IO L 100, 15.4.1999, lch. 25).

Cinneadh 78/666/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir leis an bPrótacal Airgeadais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Ghréig a thabhairt chun críche (IO L 225, 16.8.1978, lch. 25).

Rialachán (CEE) Uimh. 939/76 ón gComhairle an 23 Aibreán 1976 maidir leis an bPrótacal Airgeadais agus an Prótacal lena leagtar síos forálacha áirithe i ndáil leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an CEE agus Málta a thabhairt i gcrich (IO L 111, 28.4.1976, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2458/86 ón gComhairle an 7 Iúil 1986 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Mhálta a thabhairt chun críche (IO L 216, 5.8.1986, lch. 1).

Cinneadh 89/378/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Málta a thabhairt chun críche (IO L 180, 27.6.1989, lch. 46).

Cinneadh 95/484/CE ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 1995 maidir le Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Mhálta a thabhairt chun críche (IO L 278, 21.11.1995, lch. 14).

Cinneadh 1999/259/CE ón gComhairle an 30 Márta 1999 maidir le Prótacal ar fhadú na tréimhse inar féidir gealltanais a dhéanamh i leith na gcistí arna leagan síos sa cheathrú Prótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Mhálta a thabhairt chun críche (IO L 100, 15.4.1999, lch. 31).

Cinneadh 79/281/CEE ón gComhairle an 5 Márta 1979 maidir le Prótacal Airgeadais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc a thabhairt chun críche (IO L 67, 17.3.1979, lch. 14).

*Rialacháin Chothrománacha*

Rialacháin (CEE) Uimh. 3973/86 ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 maidir leis na Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil arna dtabhairt chun críche idir an Comhphobal agus an Algéir, Maracó, an Túinéis, an Éigipt, an Liobáin, an Iordáin, an tSiria, Málta agus an Chipir a chur i bhfeidhm (IO L 370, 30.12.1986, lch. 5).

Rialachán (CEE) Uimh. 1762/92 ón gComhairle an 29 Meitheamh 1992 maidir leis na Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil arna dtabhairt chun críche idir an Comhphobal agus tíortha Meánmhara nach Ballstáit iad a chur chun feidhme (IO L 181, 1.7.1992, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 1763/92 ón gComhairle an 29 Meitheamh 1992 maidir le comhar airgeadais i ndáil leis na tíortha Meánmhara go léir nach Ballstáit iad (IO L 181, 1.7.1992, lch. 22).

Rialachán (CE) Uimh. 1488/96 ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le bearta airgeadais agus teicniúla a bheidh ag gabháil leis an athchóiriú (MEDA) ar struchtúr eacnamaíoch agus sóisialta faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Eora-Meánmhara (IO L 189, 30.7.1996, lch. 1). Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2112/2005.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE HAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL IARMHAIRT BHUISÉADACH ACU ATÁ TEORANTA GO HEISIACH D'IONCAIM**

## 1. AINM AN TOGRA:

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta ag bunú Ionstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht

## 2. LÍNTE BUISÉID

Caibidil: 8.1 Iasachtaí arna ndeonú ag an gCoimisiún, Airteagal: 8.1.0 Aisíocaíochtaí caipitil agus ús i ndáil le hiasachtaí speisialta agus caipiteal riosca arna ndeonú faoi chuimsiú an chomhair airgeadais le tíortha Meánmhara nach Ballstáit iad

An méid arna bhuiséadú don bhliain atá i gceist (2008): € 26,070,788

## 3. IARMHAIRT AIRGEADAIS

☐ Níl aon impleachtaí airgeadais ag an togra

X Níl aon impleacht airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach tá impleacht airgeadais aige ar ioncam – beidh an éifeacht mar seo a leanas:

(EUR milliún (go dtí an 1ú deachúil)

(EUR milliún (go dtí an 1ú deachúil)

| LÍNTE BUISÉID | | | |
|---|---|---|---|
| Airteagal 8 | Oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt | | |
| Caibidil: 81 | Iasachtaí arna ndeonú ag an gCoimisiún | | |
| Airteagal 810 | Aisíocaíochtaí caipitil agus ús i ndáil le hiasachtaí speisialta agus caipiteal riosca arna ndeonú faoi chuimsiú an chomhair airgeadais le tíortha Meánmhara nach Ballstáit iad | | EUR 35 (meastachán) |

| Staid tar éis an ghnímh | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | [n+1] | [n+2] | [blianta ina dhiaidh sin -] | | |
| Airteagal 8.1.0 | p.m. | p.m. | p.m. | | |

* Ba chóir na figiúirí a áirítear thuas a mheas mar garmheastacháin. I gcás 2008 ní hathinfheisteofar faoi FEMIP cibé méid a aisíocadh roimh an togra seo a fhormheas. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil sé thar a bheith deacair meastacháin chruinne a fháil mar go bhfuil cuid de na hathshreafaí a ghinntear ó oibríochtaí caipitil riosca an-luaineach de bharr nadúr rioscúil na hionstraime.

Moltar mír 3 a chur le hAirteagal 23 agus leis seo tugtar an deis don Choimisiún cinneadh a dhéanamh a cheadaíonn don BEI na cistí a fuarthas mar aisíocaíocht ar oibríochtaí a rinneadh faoi MEDA agus faoi na prótacail airgeadais níos luaithe maidir le comhar le tíortha Meánmhara a athinfheistiú. Mar thoradh air seo, cuirfear cúiteamh na gcistí seo le buiséad an Chomhphobail siar go dáta níos faide anonn agus leanfar de na cistí a úsáid chun tacú le hinfheistíocht bonneagair agus forbairt na hearnála príobháidí i Réigiún na Meánmhara.

## 4. BEARTA FRITH-CHALAOISE

Is cuid dhílis de Rialachán ENPI iad leasanna airgeadais an Chomhphobail a chosaint agus an troid i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí.

Maidir leis na bearta arna gcuimsiú sa leasú seo, is é DG AIDCO a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar úsáid chistí ENPI. Sa chás nach bhfuil comhaontú sa chiall sin ann cheana, tabharfar chun críche é leis na hidirghabhálaithe airgeadais atá freagrach as cistí Comhphobail a bhainistiú, cistí a chuimsíonn na gnéithe go léir a chuirtear in iúl san Airteagal 23(2) nua de Rialachán ENPI.

Forálfaidh a leithéid de chomhaontú go soiléir do mhonatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas arna údarú faoi na bearta agus do rialú airgeadais ón gCoimisiún, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), agus iniúchtaí ón gCuirt Iniúchóirí, ar an láthair, más gá. Iarrfar ar idirghabhálaithe airgeadais an Coimisiún a údarú (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile.